



03.01.2024

## TUARASCÁIL MHSIN

ar an toscaireacht *ad hoc* chuig Fóram Poiblí EDT agus an 52ú seisiún de Choiste Stiúrtha na Comhdhála Parlaimintí maidir le EDT (PCWTO), an Ghinéiv, an Eilvéis, 14-15 Meán Fómhair 2023

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Comhailtá an mhsin:

Bernd Lange

Jörgen Warborn

Anna-Michelle Asimakopoulou

Inmaculada Rodriguez-Piñero

Kathleen van Brempt

Reinhard Bütikofer

Helmut Scholz

Comhchathaoirleach ar Ghrúpa  
Stiúrtha PCWTO (S&D),

Comhchathaoirleach ar Ghrúpa  
Stiúrtha PCWTO (PPE)

(PPE)

(S&D)

(S&D)

(Verts/ALE)

(An Chlé)

## **Réamhrá**

*Tharla an misean i gcomhthéacs rannpháirtíocht na gComhaltaí in eagrán 2023 d’Fhóram Poiblí EDT, dar teideal “It’s time for action” [Tá sé in am gníomhú], agus maidir le heagrú an 52ú cruinniú de Choiste Stiúrtha na Comhdhála Parlaimintí ar EDT (PCWTO), a bhfuil Parlaimint na hEorpa ina comhchathaoirleach air.*

*Bhí Parlaimint na hEorpa, de réir an chleachtais chaighdeánaigh, ag comheagrú na comhdhála leis an Aontas Idirpharlaiminteach (IPU) atá ar cheann de phainéil Fhóram Poiblí na hEagraíochta Domhanda Trádála, dar teideal “Making Trade Work for Environment — the role of Parliamentarians” [Obair thrádála a dhéanamh don chomhshaol — ról na bParlaiminteoirí]. Ba é an painéal sin, a raibh freastal maith air, an t-aon seisiún den Fhóram a chuir dearcadh parlaiminteach ar fáil agus a chuir ar chumas Comhaltaí, *inter alia*, malartú a dhéanamh le comhghleacaithe ó pharlaimintí eile ar comhaltaí EDT iad.*

Mhalartaigh na comhaltaí a thuilleadh lena gcontrapháirtithe faoi chuimsiú an 52ú cruinniú de Choiste Stiúrtha Chomhdháil Pharlaiminteach EDT (PCWTO), a bhí dírithe ar na hullmhúcháin do Sheisiún Abú Daibí de PCWTO, a thionólfar i gcomhar leis an 13ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT (MC13) ag deireadh mhí Feabhra 2024.

Ar imeall Fhóram Poiblí EDT, thionóil na Feisirí cruinnithe déthaobhacha tairbheacha freisin leis an Ambasadóir João Machado, Buanionadaí an Aontais chuig EDT (i.e. Ambasadóir an Aontais chuig EDT), agus leis an Ambasadóir Maria Pagán, Leas-Ionadaí Trádála na Stát Aontaithe agus Ceann Misin do Bhuanmhisin na Stát Aontaithe chuig EDT (i.e. Ambasadóir na Stát Aontaithe chuig EDT), chomh maith le Leas-Bhuanionadaithe na hIndinése agus na hAstráile, rud a d’fhág gurbh fhéidir ábhair níos sonraí a mhalartú.

## **Cuntas achomair ar na cruinnithe**

### **Fóram Poiblí EDT**

Tugann Fóram Poiblí EDT le chéile tuairim is 2,000 ionadaí ón tsochaí shibhialta, an saol acadúil, an saol gnó, na meáin, rialtais, parlaiminteoirí agus eagraíochtaí idir-rialtasacha gach bliain chun plé a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí i gcúrsaí trádála domhanda agus chun bealaí a chur chun cinn maidir le feabhas a chur ar an gcóras iltaobhach trádála.

Bhí painéal ar thrádáil agus ar an athrú aeráide á eagrú ag Parlaimint na hEorpa, ar ábhar é a mheall go leor spéise ó na rannpháirtithe uile. I measc na gcainteoirí bhí na Feisirí Jürgen Warborn agus Kathleen Van Brempt, an Feisire Parlaiminte Marwan Al Mheiri ó Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha, agus Stiúrthóir EDT um Thrádáil agus Comhshaol Hoe Lim. Ba í Elisa Tonda (ceannaire an Bhrainse Acmhainní agus Margaí de chuid Rannóg an Tionscail agus an Gheilleagair de Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe) a rinne modhnóireacht ar an seisiún, agus ghlac na rannpháirtithe páirt sa phlé seo a leanas le go leor díograise, ar dea-chomhartha é don Seisiún Parlaiminteach de PCWTO atá ar na bacáin in Abú Daibí.

### **52ú cruinniú Choiste Stiúrtha PCWTO**

Ag cruinniú den Choiste Stiúrtha a raibh freastal maith air, labhair Aire Trádála Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha, H.E. Thani bin Ahmed Al Zeyoudi, cathaoirleach ar an MC13 atá ar na bacáin. Ba chomhartha maith é an leibhéal rannpháirtíochta sin ag céim luath do leibhéal

rannpháirtíochta UAE in eagrú Sheisiún Abú Daibí de PCWTO.

Tháinig comhaltaí an Choiste Stiúrtha ar chomhaontú maidir le clár oibre don Chomhdháil Pharlaiminteach atá ar na bacáin, ina ndíreofar ar thrádáil agus ar an athrú aeráide, chomh maith leis an trádáil dhigiteach.

### ***Cruinnithe déthaobhacha***

Mar is gnách, chuir Ambasadóir an Aontais na Comhaltaí ar an eolas maidir le staid reatha na caibidlíochta agus maidir leis na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar an gcaibidlíocht ag MC13.

Ag an gcruinniú le toscaireacht na hAstráile, faoi stiúir an Leas-Ambasadóra, bhíothas in ann plé mionsonraithe a dhéanamh ar an gcaibidlíocht leanúnach maidir le ríomhthráchtáil, a ngníomhaíonn an Astráil mar chomh-thionólaí ina leith. Seoladh an chaibidlíocht tar éis MC12 in Buenos Aires, agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh ina leith, agus é d'aidhm ag MC13 an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích den chuid is mó, cé is moite de na saincheistanna is conspóidí.

Bhí an cruinniú le hAmbasadóir na Stát Aontaithe dírithe ar athchóiriú a dhéanamh ar réiteach díospóidí, áit ar chuir an tAmbasadóir in iúl go raibh sé sásta leis an dul chun cinn atá á dhéanamh faoi láthair agus le leibhéal na rannpháirtíochta. Leag na comhaltaí béim ar an ngá atá le comhar trasatlantach maidir le hathchóiriú na hEagraíochta Domhanda Trádála, agus a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhaontú ag MC13 chun córas um réiteach díospóidí a athbhunú a fheidhmíonn go hiomlán agus go cuí.

Ag an gcruinniú le Leas-Ambasadóir na hIndinéise, bhíothas in ann plé oscailte macánta a dhéanamh maidir le raon leathan saincheistanna in atmaisféar dearfach, ar ábhair amhail díospóidí déthaobhacha nó sainchomhaid dheacra amhail an rialachán maidir le dífhoraóisiú, agus freisin ar bhealach níos leithne maidir leis an mbealach chun cinn do EDT, ról na gcomhaontuithe ilpháirtí etc.

### ***Conclúidí***

Ba mhór an deis dóibh rannpháirtíocht ár gComhaltaí i bhFóram Poiblí EDT chun teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta, leis an tsochaí shibhialta agus le geallsealbhóirí, agus an cás á dhéanamh acu ag an am céanna go mbeadh ról níos láidre ag parlaiminteoirí i gcinnteoireacht agus i mbainistiú an bheartais trádála.

Bhíothas in ann plé oscailte agus macánta a dhéanamh le comhghleacaithe tábhachtacha agus léargas níos fearr a fháil ar an méid is féidir a bhaint amach ag MC13, rud a chuir leis an obair ullmhúcháin agus le heagrú Sheisiún Abú Daibí den PCWTO.

### **Maidir le hobair leantach:**

- An 19 Deireadh Fómhair 2023, d'údaraiigh Comhdháil na nUachtarán an iarraidh ar Sheisiún den Chomhdháil Pharlaiminteach maidir leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a eagrú in Abú Daibí agus toscaireacht ó Pharlaimint na hEorpa a sheoladh chuig MC13. Tá na hullmhúcháin faoi lán seoil anois.

- Tá dréachtdoiciméad toraidh ón gComhdháil Pharlaiminteach á thabhairt chun críche, a bheidh le scaipeadh ar na Parlaimintí uile dá gcuid leasuithe roimh phlé ullmhúcháin sa Choiste Stiúrtha agus roimh ghlacadh de chomhthoil in Abú Daibí.
- Idir an dá linn, mar is gnách, tá Parlaimint na hEorpa ag ullmhú a seasaimh féin roimh MC13 faoi Riail 132, agus é mar aidhm aici seisiún iomlánach I a thionól i mí Feabhra.

Iarscríbhinn: Clár críochnaitheach

**FÓRAM POIBLÍ EDT AGUS  
52ú SEISIÚN CHOISTE STIÚRTHA PCWTO**

**14-15 Meán Fómhair 2023, an Ghinéiv**

**CLÁR THOSCAIREACHT PE**

**Dé hAoine, an 14 Meán Fómhair 2023**

|                    |   |
|--------------------|---|
| <b>10.00</b>       | <b>Seisiún faisnéise leis an Uasal João Aguiar Machado, Ambasadóir AE chuig EDT</b>   |
| <b>11.00</b>       | <b>Cruinniú leis an Uasal Jeremy Green, Leas-Ambasadóir na hAstráile agus Buanionadaí chuig EDT (príomhfhócas - caibidlíocht ríomhthráchtála)</b>   |
| <b>12.00</b>       | <b>Rannpháirtíocht i bhFóram Poiblí na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) Seisiúin oibre/ceardlanna</b>  |
| <b>14.00-14.45</b> | <b>Cruinniú leis an Ambasadóir Maria Pagán, Leas-Ionadaí Trádála na Stát Aontaithe agus Ceann Misin (an Ghinéiv)</b>  |
| <b>16.00-16.45</b> | <b>Cruinniú leis an Ambasadóir Dandy Iswara, Leas-Bhuanionadaí (saincheisteanna EDT), Buanmhisean na hIndinéise chuig na Náisiúin Aontaithe, EDT</b>  |
| <b>17.00</b>       | Rannpháirtíocht na bhFeisirí i <b>Seisiún Parlaiminteach Fhóram Poiblí EDT</b> a eagraíonn Parlaimint na hEorpa agus IPU i gcomhpháirt le chéile<br><i>“Making Trade Work for Environment — the role of Parliamentarians”</i> [Obair thrádála a dhéanamh don chomhshaol — ról na bParlaiminteoirí]. |

|  |                              |
|--|------------------------------|
|  | <i>Dinnéar saor in aisce</i> |
|--|------------------------------|

**Dé hAoine, an 15 Meán Fómhair 2023**

|                      |   |
|----------------------|---|
| <b>10.00-12.00</b>   | <b>52ú cruinniú Choiste Stiúrtha Chomhdháil Pharlaiminteach WTO</b><br><b>(agus lón ina dhiaidh sin)</b>          |
| <b>14.00 - 16.00</b> | <b>Rannpháirtíocht i bhFóram Poiblí na hEagraíochta Domhanda Trádála</b><br><b>(EDT) Seisiún oibre/ceardlanna</b> |